European Commission

# PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH

## MAIDIR LE COTHROIME IDIRGHLÚINE

Pacáiste Eolais

# Ábhar

**1. AN PRÓISEAS**
**Cad iad na Painéil Saoránach Eorpach?** 4

Conas a oibreoidh an Painéal Saoránach Eorpach seo maidir le Cothroime Idirghlúine? 4

**2. AN SAINCHÚRAM**
**Cad air a mbeidh mé ag obair?** 6

An ról atá agat 6

**3. AN T ÁBHAR**
**Cad is gá a bheith ar eolas agam faoi Chothroime Idirghlúine?** 8

Cad iad na gnéithe a chumhdaítear leis? 8

Cad a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa Straitéis um Cothroime Idirghlúine? 9

*Rialachas níos fearr agus rannpháirtíocht dhaonlathach* 9

*Dul i ngleic le dúshláin fhadtéarmacha le chéile* 10

*Daoine a chosaint agus pobail níos láidre a thógáil* 10

Samplaí den chothroime idirghlúine san Aontas 11

Samhlaigh ...dá bhféadfá a shamhlú céard a bheadh i gceist le todhchaí chothrom do gach glúin? 13

**4. ACMHAINNÍ**
**Breise** 14



# Réamhrá

***Fáilte mhór chuig an bPainéal Saoránach Eorpach um Chothroime Idirghlúine. Go raibh maith agat as bheith linn. Tá súil againn go mbeidh an t eispéireas seo taitneamhach, spreagúil agus fiúntach duit! Trí ghlacadh leis an gcuireadh ón gCoimisiún Eorpach, tá tú ag glacadh páirt in aistear speisialta. Ó bhí 2021 ann, tá 1 800 duine ó gach cearn den Eoraip tar éis páirt a ghlacadh i bPainéil Saoránach Eorpach den chineál céanna. Roinn siad a dtuairimí agus chuidigh siad le beartais an Aontais a mhúnlú. Is fútsa atá sé anois!***

*Tá tú ar dhuine de 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de na 27 mBallstát den Aontas Eorpaigh. I dteannta a chéile, léiríonn sibh éagsúlacht an Aontais. Sna míonna amach romhainn, beidh tú ag obair chun moltaí a chur i dtoll a chéile maidir le príomhghnéithe na* ***Straitéise um Chothroime Idirghlúine****, a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag obair uirthi faoi láthair. Beidh an t am agat éisteacht, foghlaim agus smaointe a mhalartú le saoránaigh eile chun do mholtaí a ullmhú don Choimisiún Eorpach. Déanfaimid ár ndícheall chun a chinntiú go mothóidh tú go bhfuil fáilte romhat agus go bhfaighidh tú tacaíocht le linn an phróisis ar fad. Is fada linn go dtosóimid in éineacht leat.*

## CÉ ATÁ AG EAGRÚ AN PHAINÉIL SEO?

*Is é an* ***Coimisiún Eorpach*** *atá ag eagrú an Phainéil Saoránach Eorpach maidir le Straitéis nua um Chothroime Idirghlúine.*

*Is é an Coimisiún Eorpach an institiúid Eorpach a mholann dlíthe nua agus a chinntíonn go gcloítear leis na dlíthe atá ann cheana. Pléann sé le hobair laethúil an Aontais – cuir i gcás cláir a reáchtáil agus an buiséad a bhainistiú. Oibríonn sé chun feabhas a chur ar an saol san Eoraip i réimsí ar nós trádála, an chomhshaoil agus iomaíocht chóir.*

*Faoi láthair, tá straitéis nua á hullmhú ag an gCoimisiún chun a chinntiú go mbeidh na beartais cothrom do gach glúin – idir óg agus aosta agus do na glúine atá le teacht. Sula gcuirfear an straitéis i láthair sa chéad leath de 2026, tá an Coimisiún ag iarraidh cloisteáil ó dhaoine ar fud na hEorpa. Trí dhearcthaí ó shaoránaigh ó gach cúlra agus ó Bhallstáit den Aontas a thabhairt le chéile, cinnteoidh an painéal sin go léireofar sna moltaí tuairimí agus roghanna saoránach den Aontas Eorpach. Tá do rannpháirtíocht sa Phainéal Saoránach seo tábhachtach chun rannchuidiú le réimsí a shainaithint ina mbeadh gá le gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach agus ina dtabharfar an cúnamh is mó leis an ngníomhaíocht. Cuideoidh do chuid moltaí leis an straitéis a mhúnlú, straitéis a bhfuil sé d'aidhm aici an chumarsáid idir na glúine a neartú agus a chinntiú go n urramófar leasanna na nglúine atá ann faoi láthair agus na nglúine atá le teacht ar fud ár mbeartas agus ár gcinnteoireachta.*
*Cuideoidh an 'Pacáiste Eolais' seo le thú a threorú céim ar chéim. Tá sé roinnte ina thrí chuid agus tá iarscríbhinn ann ina bhfuil acmhainní breise.*


1. **AN PRÓISEAS:** CAD IAD NA PAINÉIL SAORÁNACH EORPACH? 4
2. **AN SAINCHÚRAM:** CAD AIR A MBEIDH MÉ AG OBAIR? 6
3. **AN T ÁBHAR:** CAD IS GÁ A BHEITH AR EOLAS AGAM FAOI CHOTHROIME IDIRGHLÚINE? 8

# 1/An próiseas

## Cad iad na Painéil Saoránach Eorpach?

Tugann na Painéil Saoránach Eorpach daoine a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de na 27 mBallstát le chéile chun plé a dhéanamh ar thionscnaimh atá ar na bacáin agus atá tábhachtach do thodhchaí an Aontais. Anois, tá sé dírithe ortsa – agus ar chothroime idir na glúine a chinntiú. Beidh tú in éineacht le 149 saoránach eile ó na Ballstáit uile, a roghnófar ar dhóigh a léireoidh éagsúlacht saoránach den Aontas – mar shampla ó thaobh aoise, inscne nó náisiúntachta de. Beidh painéalaí amháin as gach triúr faoi bhun 29 mbliana d'aois; cinnteofar leis sin fíorphlé idir na glúine. Beidh an Painéal Saoránach Eorpach um Chothroime Idirghlúine comhdhéanta díobh go léir le chéile.

Cruthaíodh Painéil Saoránach ar an leibhéal Eorpach den chéad uair le linn Chomhdháil 2021 2022 ar Thodhchaí na hEorpa. Léiríodh sa Chomhdháil a luachmhaire atá ionchur na saoránach, agus d'iarr an 800 saoránach a roghnaíodh go randamach go mbeadh níos mó bealaí ann chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht an Aontais. Mar fhreagairt air sin, rinne Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen na Painéil Saoránach ina gcuid tráthrialta de cheapadh beartas na hEorpa.

Ó shin i leith, tá saoránaigh ag obair ar ábhair ar nós cur amú bia, domhain fhíorúla a mhúnlú, soghluaisteacht foghlama a chothú, éifeachtúlacht fuinnimh, dul i ngleic le fuath sa tsochaí agus buiséad fadtéarmach an Aontais.

### CONAS A OIBREOIDH AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH SEO MAIDIR LE COTHROIME IDIRGHLÚINE?

Beidh tú ag obair i **ngrúpaí beaga** (thart ar 12 dhuine an ceann) agus i **seisiúin níos mó** ina dtiocfaidh gach duine le chéile (ar a dtugtar 'seisiúin iomlánacha'). Sna grúpaí beaga, breathnóidh tú ar an ábhar ar bhealach níos doimhne, malartóidh tú tuairimí agus dréachtóidh tú smaointe le haghaidh na moltaí deiridh. Sna seisiúin iomlánacha, beidh tú in ann do chuid smaointe a roinnt, éisteacht lena chéile agus le saineolaithe, agus aiseolas a thabhairt ar smaointe grúpaí beaga eile. Ag deireadh an phróisis, glacfaidh an painéal iomlán na moltaí.

Beidh tú in ann labhairt sa teanga de chuid an Aontais is mó lena bhfuil tú compordach, mar cinnteoidh **ateangairí gairmiúla** go dtuigfidh gach duine a chéile i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais.

Tacóidh an méid seo a leanas leat freisin:

- **Saineolaithe** ón '**gCoiste Eolais'**, a bheidh in ann do cheisteanna a fhreagairt, an t ábhar a mhíniú agus eolas cúlra a chur ar fáil – maidir le cothroime idirghlúine agus maidir leis an Aontas araon. Beidh malartú tuairimí agat freisin le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, ó institiúidí an Aontais agus ón saol acadúil.

- **Éascaitheoirí**, a chuidíonn le seisiúin na ngrúpaí beaga a reáchtáil go réidh agus a chinntíonn gur féidir le gach duine labhairt agus éisteacht a fháil.

- **Foireann an Choimisiúin Eorpaigh**, a éistfidh le do phléití agus a chuirfidh d'ionchur san áireamh mar chuid den obair ar an Straitéis um Chothroime Idirghlúine.

D'fhéadfadh roinnt **breathnóirí** – taighdeoirí acadúla mar shampla – do sheisiúin a leanúint ach ní ghlacfaidh siad páirt sa phlé. D'fhéadfadh **iriseoirí agus na meáin** a iarraidh freisin agallamh a chur ar rannpháirtithe chun a dtaithí a roinnt leis an bpobal i gcoitinne, ach is rud deonach é sin, agus ní bheidh ort páirt a ghlacadh in aon agallamh mura mian leat é sin a dhéanamh.




Buailfidh tú leis na rannpháirtithe eile trí huaire: dhá uair i bpearsa sa Bhruiséil agus uair amháin ar líne.

- Seisiún 1
  **12 14 Meán Fómhair 2025** (sa Bhruiséil)
- Seisiún 2
  **17 19 Deireadh Fómhair 2025**
  (ar líne trí uirlis físchomhdhála)
- Seisiún 3
  **14 16 Samhain 2025** (sa Bhruiséil)

Cloígh le huainiú na gcruinnithe agus cinntigh go bhfuil tú i láthair le haghaidh gach seisiúin. Má bhíonn aon fhadhb phraiticiúil agat, cuideoidh ár bhfoireann tacaíochta leat. Má tá aon riachtanais leighis agat, cuir in iúl dúinn é – beidh tacaíocht ar fáil ar an láthair nó trí fháiltiú d'óstáin. Má tá riachtanais inrochtaineachta nó tacaíochta agat, is féidir leat a iarraidh **duine tionlacain** a thabhairt leat chun cuidiú leat le linn an Phainéil. Más mionaoiseach thú, beidh ort teacht in éineacht le duine fásta. Mar sin féin, ní féidir ach leis na saoránaigh a roghnaítear go randamach páirt a ghlacadh i bplé an Phainéil. Tá fáilte roimh dhaoine tionlacain a bheith páirteach mar bhreathnóirí agus freastal ar imeachtaí sóisialta.

Gach tráthnóna (Déardaoin, Dé hAoine, Dé Sathairn), eagróimid **imeachtaí sóisialta** neamhfhoirmiúla ar nós dinnéar nó fáiltiú. Deis iontach a bheidh sna himeachtaí sin bualadh le rannpháirtithe eile ó do thír dhúchais agus ó gach cearn den Aontas. Is ar bhonn deonach a ghlacann tú páirt ann, ach molaimid go mór duit é a dhéanamh! Má theastaíonn aon chúnamh uait, má tá aon cheist agat, nó má thugann tú faoi deara rud éigin nár cheart a tharlú, ná bíodh drogall ort labhairt leis an **oifigeach um chuimsiú**.

Chomh maith leis an bPainéal, tá **díospóireacht ar líne** á reáchtáil againn freisin maidir le h**Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach**, inar féidir le haon saoránach den Aontas a chuid smaointe a roinnt maidir le cothroime idirghlúine. Tá lánchead agat cuireadh a thabhairt do do theaghlach, do chairde agus do chomhghleacaithe páirt a ghlacadh sa chomhrá sin agus a ndearcthaí a roinnt ar líne.

Tá fáilte romhat freisin postáil faoin taithí atá agat sa Phainéal ar na meáin shóisialta. Déan cinnte de gan sonraí pearsanta nó tuairimí na rannpháirtithe eile a roinnt, agus léirigh aird ar phríobháideachas gach duine.

# 2 / An sainchúram

## Cad air a mbeidh mé ag obair?

Sa chéad leath de 2026, glacfaidh an Coimisiún Eorpach Straitéis um Chothroime Idirghlúine.

Tá obair déanta ag an Aontas cheana féin ar roinnt tionscnamh chun glúine éagsúla a thabhairt le chéile agus chun a chinntiú go mbeidh a chinntí cothrom agus go dtabharfar aghaidh ar riachtanais na nglúine éagsúla. In 2007, dhírigh an Teachtaireacht *'Promoting solidarity between the generations* [Dlúthpháirtíocht idir na glúine a chur chun cinn]' ar bheartais teaghlaigh. Ba í 2012 an 'Bliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus um Dhlúthpháirtíocht idir Glúine'. I measc na dtionscnamh is déanaí tá 2019 2027 EU Youth Strategy [Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019 2027], Páipéar Uaine 2021 maidir le *'Ageing – Fostering solidarity and responsibility between generations* [Aosú – Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúine]' agus Teachtaireacht 2023 *'Demographic change in Europe: a toolbox for action:* [An t athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta]'. Cuireann an tAontas uirlisí ar fáil freisin ar nós Idirphlé (an Aontais Eorpaigh) leis an Aos Óg, Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí agus na Painéil Saoránach Eorpach chun tacú leis an idirphlé laistigh de na glúine éagsúla agus eatarthu.

Is gné thábhachtach de cheapadh beartas an Aontais le tamall anuas é machnamh a dhéanamh ar an todhchaí. Gach bliain, foilsíonn an Coimisiún Tuarascáil maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach chun tacú le pleanáil fhadtéarmach agus chun cuidiú le lucht ceaptha beartas an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna an lae inniu ar na glúine atá le teacht a mheas.

Luaitear i dTreoirlínte Polaitiúla 2024 2029, plean straitéiseach 5 bliana a rinne Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, nár cheart go ndéanfadh cinntí a dhéantar inniu dochar do na glúine atá le teacht agus gur gá dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht níos fearr a bhaint amach idir daoine d'aoiseanna éagsúla. Chun an méid sin a chinntiú, cuireadh de chúram ar an gCoimisinéir Glenn Micallef Straitéis um Chothroime Idirghlúine a fhorbairt, d'fhonn 'a leagan amach conas is féidir linn an chumarsáid idir na glúine a neartú agus a chinntiú go n urramófar leasanna na nglúine atá ann faoi láthair agus na nglúine atá le teacht ar fud ár gceapadh beartais agus ár reachtóireachta'.

Beidh Straitéis an Choimisiúin um Chothroime Idirghlúine ar an gcéad straitéis dá leithéid ar leibhéal an Aontais. Tá sé ag teacht leis na hiarrachtaí domhanda chun cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le pleanáil agus beartais. I mí Mheán Fómhair 2024, ghlac ceannairí domhanda an Comhshocrú don Todhchaí, a chuimsíonn gealltanais chun riachtanais na nglúine atá le teacht a chosaint agus chun a chinntiú go ndéanfar cinntí agus a leasanna á gcur san áireamh.

Ní dlí a bheidh sa Straitéis um Chothroime Idirghlúine. Teachtaireacht a bheidh ann go foirmiúil, ar doiciméad oifigiúil de chuid an Aontais í ina leagtar amach rúin, beartais atá beartaithe agus tosaíochtaí. Doiciméad beartais a bheidh ann ina míneofar cén fáth a bhfuil tábhacht leis an gcothroime idir na glúine, cad iad na gníomhaíochtaí is gá agus is féidir a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, agus conas is féidir an dearcadh sin a urramú ar fud ár mbeartas agus ár gcinnteoireachta. Is é an sprioc atá ann Eoraip níos cothroime a bheith ann do chách – anois agus amach anseo.

### AN RÓL ATÁ AGAT

Is é an ról atá agat mar chomhalta den Phainéal do chuid smaointe agus tuairimí a roinnt maidir le Cothroime Idirghlúine, agus cuidiú le sraith moltaí a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh a mhúnlú. Ceapadh na hullmhúcháin chun an bealach a réiteach don Straitéis, ón uair a bunaíodh í, le bheith cuimsitheach agus rannpháirteach. Go dtí seo, bhí réimse leathan páirtithe leasmhara rannpháirteach, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta go lucht ceaptha beartas, saineolaithe, an tsochaí shibhialta agus saoránaigh. I dteannta a chéile, rinne siad iniúchadh ar thábhacht na cothroime idir na glúine, shainaithin siad saincheisteanna a bhaineann léi, agus smaoinigh siad ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar thodhchaí níos cothroime do chách.

Féadfaidh tú tuilleadh a léamh faoin bpróiseas comhchruthaithe cuimsitheach agus rannpháirteach anseo, agus faoi na chéad léargais a bailíodh trí chéim luath an phróisis anseo. Mar chomhalta den Phainéal Saoránach, beidh tú in ann cur leis an obair sin agus, an tráth céanna, do chuid smaointe féin a thabhairt isteach agus féachaint ar réimsí nua a chreideann tú ar cheart aird a thabhairt orthu.

Ina theannta sin, cuideoidh tú leis an bpríomhcheist seo a leanas a fhiosrú:

## Cad ba cheart dúinn a dhéanamh inniu chun an tAontas Eorpach a dhéanamh cothrom do na glúine uile atá ann faoi láthair agus do na glúine uile atá le teacht?

Breathnóidh tú ar an gceist seo ó dhá phríomhghné:

**1.** ***Conas is féidir linn a chinntiú nach ndéanfaidh na cinntí a dhéantar inniu aon dochar do na glúine atá le teacht agus leasanna na nglúine atá ann faoi láthair agus na nglúine atá le teacht á n urramú an tráth céanna?***

**2.** ***Conas is féidir linn an chumarsáid, an dlúthpháirtíocht agus an rannpháirtíocht idir na glúine a neartú?***

Féachfaidh tú ar na ceisteanna sin in éineacht le comhaltaí eile den Phainéal le tacaíocht ó shaineolaithe agus ó éascaitheoirí le linn trí sheisiún:

**SEISIÚN 1:** Foghlaimeoidh tú tuilleadh faoin ábhar agus déanfaidh tú machnamh le chéile ar an gcuma a cheart a bheith ar Eoraip chothrom. Déanfaidh tú machnamh ar fhíseanna éagsúla agus sainaithneoidh tú na céimeanna is gá chun iad a fhíorú.

**SEISIÚN 2:** Tosóidh tú ag obair ar mholtaí chun ábhar na straitéise a mhúnlú. Cloisfidh tú ó shaineolaithe, ó thaighdeoirí agus ó smaointeoirí cruthaitheacha, agus ansin oibreoidh tú i ngrúpaí chun smaointe agus tograí sonracha a fhorbairt.

**SEISIÚN 3**: Déanfaidh tú do chuid smaointe agus moltaí a bheachtú. I ndeireadh na dála, is iad sin na moltaí deiridh a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Déanfar vótáil ar na moltaí agus glacfar iad ag deireadh an tseisiúin deiridh sin.

Faoi dheireadh an Phainéil, cuirfear d'fhís chomhchoiteann, do thosaíochtaí agus do mholtaí san áireamh sa mhachnamh leanúnach a bhaineann le dréachtú na Straitéise um Chothroime Idirghlúine. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil chríochnaitheach ón bPainéal Saoránach Eorpach seo freisin, agus na moltaí a ghlac an Painéal san áireamh ann (mar shampla, seo an tuarascáil ón bPainéal Saoránach deireanach 'Maidir le buiséad Eorpach nua atá oiriúnach dár n uaillmhianta').



# 3 / An t ábhar

## Cad is gá a bheith ar eolas agam faoi Chothroime Idirghlúine?

Chun dul i ngleic le dúshláin mhóra an lae inniu – an t athrú aeráide, an t athrú déimeagrafach, an neamhionannas nó an éagobhsaíocht dhomhanda mar shampla – ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid agus ar an gcaoi a ndéanaimid cinntí mar shochaí. Cruthaíonn na forbairtí sin teannas polaitiúil agus coinbhleacht – ach is deis thráthúil iad freisin don Aontas gníomhú go réamhghníomhach. Mar gheall air sin, tá sé níos práinní ná riamh smaoineamh ar chothroime ar feadh na nglúine. Tá bealach nua chun cinn de dhíth orainn ina gcuimsítear gach duine: daoine óga, glúine níos sine agus daoine nár rugadh go fóill.

Ar cheann de na cúraimí atá ar an bPainéal Saoránach seo tá sainmhíniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le cothroime idirghlúine ó thaobh na rannpháirtithe de agus sraith moltaí nithiúla a dhéanamh de sin. Mar shampla, bunaithe ar dhearcthaí acadúla agus praiticiúla atá ann cheana, d'fhéadfadh cur chun cinn an chomhair idir na glúine a bheith i gceist leis sin agus cur chuige réamhbhreathnaitheach a spreagadh. Is féidir go gcuimseofar leis sin breithniú a dhéanamh le linn na cinnteoireachta ar fholláine shóisialta, eacnamaíoch, chomhshaoil agus chultúrtha daoine agus pobal, anois agus amach anseo, agus níos mó béime a chur ar cheisteanna fadtéarmacha in éineacht le riachtanais ghearrthéarmacha.
Ní hé go bhfuil an cur chuige sin in úsáid chun todhchaí fhoirfe amháin a aimsiú. Ina ionad sin, aithnítear ann go bhfuil riachtanais, mianta agus ionchais éagsúla ag daoine agus ag glúine éagsúla – agus gur cheart deis labhartha a bheith acu go léir maidir lena dtodhchaí a mhúnlú. Is é an sprioc atá ann sochaí a thógáil ina bhfreastalófar ar riachtanais na nglúine atá ann faoi láthair gan cur isteach ar chumas na nglúine atá le teacht freastal ar a gcuid féin, ionas nach rachaidh dul chun cinn glúine amháin chun dochair do ghlúin eile.
Tacaíonn cothroime idirghlúine freisin le príomhphrionsabail an Aontais ar nós deiseanna comhionanna, cosaint shóisialta, cúram sláinte maith agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha. Is féidir leis cuidiú le dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an idirdhealú ar bhealaí nua: ní trí ghlacadh leis gurb é an aois amháin a fhágann daoine leochaileach, ach trí bhreathnú ar an léargas iomlán ar staid gach duine.
Is féidir leis an modh smaointeoireachta sin cur le sochaí níos athléimní agus níos cuimsithí san Eoraip. Spreagtar leis beartais chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n athraíonn saol daoine le himeacht ama agus ar an gcaoi a bhféadfadh impleachtaí fadtéarmacha a bheith ag roghanna gearrthéarmacha. Is éard atá i gceist leis an gcothroime idirghlúine todhchaí chothrom inbhuanaithe a thógáil – i dteannta a chéile.

### CAD IAD NA GNÉITHE A CHUMHDAÍTEAR LEIS?

Le hionchur ó pháirtithe leasmhara agus ó shaineolaithe, shainaithin an Coimisiún trí phríomhréimse inar féidir leis an gcothroime idirghlúine cuidiú le todhchaí na hEorpa a mhúnlú:

#### 1. Rialachas níos fearr agus rannpháirtíocht dhaonlathach

Is gá córais agus institiúidí a neartú chun peirspictíochtaí fadtéarmacha a mheas ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin leasanna na nglúine atá ann faoi láthair agus na nglúine atá le teacht araon a chur san áireamh i gceapadh beartas agus i bpróisis dhaonlathacha. Is minic a fhreagraíonn cinntí polaitiúla do riachtanais phráinneacha ghearrthéarmacha, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos deacra aird chomhsheasmhach a thabhairt ar dhúshláin a thagann chun cinn go mall le himeacht ama.



### 2. Dul i ngleic le dúshláin fhadtéarmacha le chéile

Bíonn tionchar ag saincheisteanna an t athrú aeráide, truailliú, athrú déimeagrafach, rochtain chothrom ar thithíocht, oideachas réamhbhreathnaitheach agus easpa nuálaíochta mar shampla ar gach glúin. Dá dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin fhadtéarmacha sin, d'fhéadfadh tairbhí marthanacha a bheith ann do na glúine atá le teacht. Trí oibriú le chéile ar fud na n aoisghrúpaí, is féidir linn rannchuidiú le réitigh níos cothroime agus níos inbhuanaithe lena léirítear dearcadh níos fadtéarmaí.

### 3. Daoine a chosaint agus pobail níos láidre a thógáil

Nuair a thagann na glúine le chéile, is féidir linn tacú leo siúd atá i ngátar, anois agus amach anseo, ar bhealach níos fearr, trí rochtain ar chúram sláinte, ar sheirbhísí cúraim agus ar acmhainní riachtanacha a fheabhsú, agus an tráth céanna rannchuidiú le córais shóisialta atá níos athléimní i bhfianaise an athraithe agus na ndúshlán a bheidh ann amach anseo.

## CAD A D'FHÉADFADH A BHEITH SAN ÁIREAMH SA STRAITÉIS UM COTHROIME IDIRGHLÚINE?

### *RIALACHAS NÍOS FEARR AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT DHAONLATHACH*

Ba cheart machnamh a dhéanamh sa bheartas poiblí inniu agus amárach araon, ag féachaint níos faide ná an lá atá inniu ann chun folláine na nglúine atá le teacht a chosaint. Tá uirlisí ag an Aontas cheana féin lenar féidir tacú le gníomhaíocht ar bhealach fadtéarmach, ag díriú ar chothroime idirghlúine.

Is éard atá i gceist le smaointeoireacht fhadtéarmach daoine a bheith rannpháirteach i gcinntí a mhúnlú. Sa daonlathas, ba cheart guth a bheith ag gach duine a ndéanann cinntí difear dóibh. Ach is minic nach léiríonn beartais tuairimí gach aoisghrúpa, cuir i gcás daoine óga agus daoine nár rugadh go fóill.

Tá sé ríthábhachtach freisin spriocanna soiléire a leagan síos agus na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun cinntí cothroma réamhbhreathnaitheacha a dhéanamh. Tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar an bhfolláine shóisialta, chomhshaoil agus chultúrtha, ní hamháin fás eacnamaíoch. Tá bealaí nua á bhfiosrú chun dul chun cinn a thomhas creataí lena ndírítear ar fholláine chuimsitheach agus inbhuanaithe mar shampla chun a chinntiú gur féidir leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht maireachtáil go maith.

## DUL I NGLEIC LE DÚSHLÁIN FHADTÉARMACHA LE CHÉILE

Tá an t athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú ina mbagairt ar cheart na nglúine atá le teacht chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach beart a dhéanamh anois. Cuimsítear leis sin machnamh cúramach a dhéanamh ar rioscaí fadtéarmacha agus a chinntiú go n oibrímid laistigh de theorainneacha an phláinéid. Tá cothroime idirghlúine san áireamh cheana féin i ndlíthe agus straitéisí an Aontais, cuir i gcás an Dlí um Athbhunú Dúlra agus an Dlí Aeráide Eorpach.

Fiú sular tosaíodh ar phlé a dhéanamh ar chothroime idirghlúine maidir leis an ngéarchéim chomhshaoil agus aeráide, bhí díospóireachtaí ann faoi leibhéil chothroma ollfhiachais rialtais idir na glúine. Tar éis an tsaoil, tá fiacha ar rialtais ó bhí náisiúnstáit ann, agus is dócha go mairfidh an fiachas sin fad is a bheidh náisiúnstáit ann. Cé go bhfuil cuma leamh ar an ábhar sin, tá sé ábhartha i gcónaí don chothroime idirghlúine.

Spreagann an teicneolaíocht dul chun cinn ach tá rioscaí ag baint léi freisin. Léirítear le bagairtí móra – ó airm núicléacha go tubaistí aeráide an gá atá le nuálaíocht lena gcosnaítear an pláinéad, na daoine agus luachanna comhroinnte. Cuireann an tAontas dhá phríomhphrionsabal i bhfeidhm lena n aimsítear cothromaíocht idir an nuálaíocht agus cosaint a thabhairt do na glúine atá le teacht: prionsabal an réamhchúraim (chun díobháil thromchúiseach a chosc) agus prionsabal na nuálaíochta (chun tacú le smaointe nua).

Léiríodh le géarchéim airgeadais 2008, Paindéim COVID 19 agus athruithe domhanda eile ar nós daonraí atá ag dul in aois agus an t athrú aeráide ábhair imní faoi chothroime i leith daoine óga agus na nglúine atá le teacht. Cuimsítear leis na hábhair imní sin inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, soghluaisteacht shóisialta agus rochtain chothrom ar sheirbhísí bunriachtanacha ar nós cúram sláinte, pinsean, oideachais agus slándáil shóisialta. Is ábhair imní choitianta ar fud an Aontais iad fostaíocht don aos óg, patrúin scoir sholúbtha, agus tithíocht inacmhainne.

## DAOINE A CHOSAINT AGUS POBAIL NÍOS LÁIDRE A THÓGÁIL

I measc na n ábhar a phléitear i ndáil leis an gcothroime idir na glúine tá sláinte, cúram, slándáil, cuimsiú digiteach, agus rochtain ar sheirbhísí. Trí phleanáil a dhéanamh ar feadh saolré agus trí smaointeoireacht chun cinn a dhéanamh, is féidir linn réitigh a chruthú ina bhfuil riachtanais gach duine curtha san áireamh.

Is tosaíochtaí práinneacha iad an ullmhacht agus an tslándáil mar gheall ar rioscaí geopholaitiúla. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála chun cobhsaíocht a chinntiú agus chun saoránaigh a chosaint. Tá sé ríthábhachtach a aithint go bhfuil an tsíocháin fós ina coinníoll bunúsach d’fholláine an duine agus d’fhorbairt fhadtéarmach sochaithe. Is i dtimpeallachtaí síochánta amháin is féidir le daoine barr a gcumais a bhaint amach, rud a bhfuil impleachtaí marthanacha aige do cháilíocht saoil agus do dheiseanna na nglúine atá le teacht. Is féidir leis an smaointeoireacht idirghlúine rioscaí do ghrúpaí leochaileacha a laghdú a thuilleadh agus athléimneacht fhadtéarmach a fheabhsú.

Tá dúshláin mhóra roimh an gcóras cúraim sláinte agus roimh na córais chúraim. Maireann daoine níos faide, agus tá costas an chúraim ag dul i méid. Is féidir leis na hathruithe sin neamhionannais a dhoimhniú. Tá smaointeoireacht fhadtéarmach agus muinín as institiúidí ríthábhachtach chun rochtain chomhionann agus seirbhísí sláinte a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais gach duine sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Leis an gcomhtháthú sóisialta, nasctar na glúine le chéile agus cothaítear pobail níos láidre trí thacaíocht fhrithpháirteach, luachanna comhroinnte agus comhar a chothú ar fud aoisghrúpaí. Nuair a thagann daoine d’aoiseanna agus de chúlraí éagsúla le chéile trí mheantóireacht, cláir phobail, nó tionscadail chomhroinnte malartaíonn siad eolas agus scileanna, agus measctar an traidisiún leis an nuálaíocht chun an fholláine chomhchoiteann a shaibhriú. Cuidíonn sé le heisiamh a chosc agus tacaíonn sé le hathléimneacht. Is féidir le cuir chuige den sórt sin cuidiú le hidirdhealú aoise a chomhrac, soghluaisteacht idirghlúine a fheabhsú agus earnálacha ar nós an talmhaíocht a athbheochan.

Cuimsítear leis an gColún Eorpach na gCeart Sóisialta rochtain ar sheirbhísí riachtanacha ar nós iompair, fuinnimh agus airgeadais. Ní mór na seirbhísí sin a bheith ar ardchaighdeán, inrochtana, inacmhainne agus ar fáil go háitiúil. D’fhéadfadh riachtanais éagsúla a bheith ann idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, agus beidh tionchar ag cinntí a dhéantar inniu ar an gcaoi a bhforbróidh na seirbhísí sin amach anseo. Sin é an fáth a bhfuil pleanáil fhadtéarmach ríthábhachtach.



## SAMPLAÍ DEN CHOTHROIME IDIRGHLÚINE SAN AONTAS

Ó bunaíodh é, ceapadh an tAontas Eorpach mar thionscadal fadtéarmach arb é is aidhm dó síocháin agus folláine agus rathúnas a chuid saoránach a chinntiú – sa lá atá inniu ann agus do na glúine atá le teacht. Tá an dlúthpháirtíocht agus an comhar idir na glúine ríthábhachtach don fhís sin, mar a léiríodh i nDearbhú Schuman, inar leagadh béim ar an Aontas Eorpach a thógáil ar a bhfuil bainte amach lena gcruthaítear 'dlúthpháirtíocht de facto'. Déantar tagairt in Airteagal 3.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha araon do fhreagrachtaí i leith na nglúine atá le teacht, agus béim á leagan ar chineál réamhbhreathnaitheach an tionscadail Eorpaigh.

Ar fud an Aontais Eorpaigh agus níos faide i gcéin, tá roinnt samplaí dearfacha ann inar thug pobail aghaidh ar cheist na cothroime idirghlúine ar bhealaí cruthaitheacha agus nua. Anseo thíos, cuirimid liosta de shamplaí den sórt sin i láthair, rud a d'fhéadfadh cuidiú le comhaltaí an Phainéil Saoránach an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar pheirspictíocht chothrom idirghlúine a shamhlú go praiticiúil.

## TÜBINGEN

I gcathair Tübingen na Gearmáine, d'eagraigh amharclann bhardasach dráma chun aghaidh a thabhairt ar na contúirtí a bhaineann le smaointeoireacht ghearrthéarmach agus neamhaird a thabhairt don todhchaí. Chun cuidiú leis an lucht féachana a thuiscint go mairfidh go leor daoine i bhfad ina ndiaidh, cuireadh roinnt suíochán sa halla éisteachta in áirithe do na glúine atá le teacht. Bhí ainmneacha agus dátaí breithe ar na suíocháin sin, agus iarradh ar na daoine a bhí i láthair gan suí iontu. Ba mheabhrúchán breá é an beart cumhachtach sin go mbeidh tionchair mharthanacha i bhfad romhainn ag na cinntí a dhéanaimid inniu.

## AMSTARDAM

Ag deireadh na 1990idí, tháinig athruithe nach beag ar chomharsanacht in Amstardam de réir mar a bhog go leor inimirceach de chuid na Tuirce agus Mharacó isteach. Thug siad leo a gcultúir féin isteach sa chomarsanacht agus tógadh siopaí nua agus moscanna ann. An tráth céanna, bhog go leor teaghlach de chuid na hÍsiltíre amach, agus d'fhág siad daoine scothaosta de chuid na hÍsiltíre ina ndiaidh a bhí ag mothú ar nós strainséirí ina gceantar féin. Ní coimhlint amach is amach a bhí ann ach choinnigh daoine chucu féin, agus bhí an teannas agus an dícheangal a bhí le brath ag dul i méid. Tháinig athrú ar an scéal sin nuair a chuir Músaem Stairiúil Amstardam tús le tionscadal scéalaíochta chun cuimhní a bhailiú ó dhaoine a bhí ina gcónaí go fadtéarmach san Ísiltír. Le himeacht ama, ghlac inimircigh páirt sa tionscadal, ag roinnt scéalta ní hamháin faoi Amstardam ach faoi na sráidbhailte beaga as ar tháinig siad freisin. Bhí dáimh ag daoine leis na scéalta sin, agus ba léir nach raibh difear mór idir a gcúlra tuaithe agus stair sheantuismitheoirí na ndaoine a bhí ina gcónaí go fadtéarmach san Ísiltír. Is sampla iontach é an tionscadal den chaoi ar féidir fíorathrú a theacht díreach ó bheith ag éisteacht lena chéile agus conas is féidir le comhpháirtithe neamhghnácha, músaem mar shampla, cuidiú le pobal a aontú trí chuimhní comhchoiteanna a spreagadh agus a roinnt chun naisc idirghlúine agus idirchultúrtha a chothú.

## ZARAGOZA

Sampla eile de chothroime idirghlúine sa ghníomhaíocht is ea an tionscadal **'Bristeoirí Doirsí'** in Zaragoza. Murab ionann agus tionscadal Amstardam, dírítear leis ar leasanna agus ar riachtanais na nglúine óga. Leis an tionscnamh sin, cumhachtaítear daoine óga idir 16 agus 21 bhliain d'aois a bheith ina gcomhairleoirí gníomhacha do mhúsaeim bhardasacha na cathrach. Trí pháirt dhíreach a thabhairt don aos óg sa chinnteoireacht, trí na nithe atá le taispeáint a roghnú agus conas teagmháil a dhéanamh leis an bpobal níos leithne agus le cuairteoirí músaeim, cinntítear leis an tionscadal go léirítear sna músaeim suimeanna, cruthaitheacht


European Citizens' Panel
on a new EU Budget fit
for our ambitions

agus riachtanais na saoránach óg freisin. Molann na comhairleoirí óga feabhsuithe, gníomhaíochtaí deartha, agus cuidíonn siad le straitéisí a mhúnlú chun a bpiaraí a mhealladh agus a spreagadh, rud a fhágfaidh go mbeidh an cultúr níos inrochtana agus níos ábhartha do ghlúine nua. Thairis sin, tugtar fíorleas do dhaoine óga leis an tionscadal i saol cultúrtha a bpobail, á aithint go bhfaighidh aos óg an lae inniu institiúidí cultúrtha le hoidhreacht agus á spreagadh chun freagracht a ghlacadh as an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a nuáil.

## MALMÖ

Sampla an spéisiúil eile den chothroime idirghlúine is ea claochlú Varvsstaden in Malmö. Dírítear leis an tionscadal nuálach forbartha uirbí sin ní hamháin ar cheantar stairiúil a athbheochan ach freisin ar thodhchaí inbhuanaithe a chinntiú do dhaoine de gach aois, agus daoine nár rugadh go fóill san áireamh. Trí fhoirgnimh agus ábhair atá ann cheana a chaomhnú agus a athrú, íoslaghdaítear dramhaíl le tionscadal Varvsstaden agus laghdaítear astaíochtaí CO2, rud a fhágann lorg comhshaoil níos lú leis na glúine atá le teacht.

Cuimsítear 'banc ábhar', leis an tionscnamh, banc ina gcláraítear ábhair ó struchtúir dhíchóimeáilte lena n athúsáid, ina léirítear tiomantas do phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Cothaítear leis an tionscadal rannpháirtíocht an phobail freisin agus glactar le rialachas comhoibríoch ann agus spriocanna forbartha a n ailíniú le riachtanais an phobail. Ní hamháin go dtugtar urraim d'oidhreacht thionsclaíoch an cheantair leis an gcur chuige sin ach cruthaítear leis spásanna bríomhara agus cuimsitheacha freisin inar féidir le glúine éagsúla maireachtáil, oibriú agus rath a bheith orthu le chéile. Trí thús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht agus do rannpháirtíocht an phobail, léirítear le Varvsstaden an chaoi a bhféadfadh pleanáil uirbeach thuisceanach dul chun tairbhe a dhéanamh do dhaoine atá ina gcónaí ann faoi láthair agus do dhaoine a bheidh ina gcónaí ann amach anseo, rud a chinntíonn nach gcuirfidh riachtanais an lae inniu deiseanna an lae amárach i mbaol.

## VÁRSÁ

D'fhógair an Pholainn seoladh an tionscadail **'Scoil Idirghlúine'** i bhfómhar 2024, arb é is aidhm dó scoileanna a oscailt le haghaidh gníomhaíochtaí ina mbeidh seanóirí agus an óige rannpháirteach iontu chun comhar agus foghlaim fhrithpháirteach a chothú idir na glúine. Chuir an tAire Oideachais Barbara Nowacka an tionscadal i dtábhacht le linn Lá Eorpach na Dlúthpháirtíochta Idirghlúine, agus chuir sí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé naisc idirghlúine a chothú i sochaí ilroinnte an lae inniu agus malartú eolais a chur chun cinn ina mbainfidh an óige tairbhe as taithí na seanóirí, agus ina bhfoghlaimeoidh seanóirí scileanna nua, litearthacht dhigiteach mar shampla, ón óige.

Comhlánaíodh an tionscnamh sin le creat níos leithne an **'Idirphlé idir Glúine agus Cultúir'** a cuireadh chun cinn le linn Uachtaránacht na Polainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa chéad leath de 2025, inar leagadh béim ar chumas an chultúir gníomhú mar dhroichead lena nasctar traidisiúin, teangacha agus eispéiris éagsúla. Le chéile, féachann na hiarrachtaí sin le cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a leabú ar fud an oideachais agus shaol an phobail, lena gcinnteofar go nglacfaidh an iliomad glúine páirt ghníomhach i spásanna comhroinnte sóisialta agus cultúrtha.

## SAMHLAIGH ...DÁ BHFÉADFÁ A SHAMHLÚ CÉARD A BHEADH I GCEIST LE TODHCHAÍ CHOTHROM DO GACH GLÚIN?

Is minic a bhíonn sé chomh tábhachtach céanna na ceisteanna cearta a chur agus na freagraí cearta a aimsiú. Gheobhaidh tú thíos **deich ráiteas a thosaíonn le 'Samhlaigh'** atá deartha chun machnamh a chothú, inspioráid a spreagadh, agus d'intinn a oscailt i leith dearcthaí nua. Tóg do chuid ama chun machnamh a dhéanamh orthu. Níltear ag iarraidh go bhfreagrófar láithreach iad. Ina ionad sin, bíodh siad ann le treoraíocht agus spreagadh a thabhairt duit le linn phróiseas an Phainéil Saoránach. Táimid ag tnúth leis na ráitis seo agus tuilleadh a phlé in éineacht leat.

***Samhlaigh... dá gcuirfí san áireamh leis na cinntí a rinneadh inniu na neamhionannais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo dá bharr.***

***Samhlaigh... dá mbeadh meas ar an éagsúlacht aoise mar neart.***

***Samhlaigh... dá mbeadh guth ag an dúlra.***

***Samhlaigh... dá mbeadh cúram ina chuspóir saoil againn – cúram dúinn féin, do dhaoine eile, agus do gach cineál saoil?***

***Samhlaigh... dá dtógfadh muid sochaithe athléimneacha daonlathacha ina mbeadh guth ag gach duine, ina gcreidfeadh siad ina dtodhchaí féin, agus nach mbeadh aon duine ar imeall na sochaí?***

***Samhlaigh... dá mbeadh oideachas ina chúnamh do dhaoine de gach aois scileanna saoil a ghnóthú, eolas a roinnt ar feadh na nglúine agus folláine chomhchoiteann a fheabhsú?***

***Samhlaigh... dá mbeadh comhairle (idirghlúine) ag gach cathair, réigiún agus/nó tír chun cearta na nglúine atá ann faoi láthair agus na nglúine atá le teacht ar phláinéad sláintiúil a chosaint?***

***Samhlaigh... dá mbeadh cinntí airgeadais faoi threoir ag prionsabal soiléir 'gan dochar a dhéanamh', agus dearcadh na nglúine atá le teacht san áireamh?***

***Samhlaigh... dá mbeadh samhlacha tithíochta comhoibritheacha (idirghlúine) ina mbunchloch fhíor riachtanach den bheartas poiblí?***

***Samhlaigh... dá mbeadh an t am, na hacmhainní agus bealach ag gach duine chun páirt dhíreach a ghlacadh i gceapadh beartas?***

***Samhlaigh... dá múnlódh na scéalta a insímid inniu an todhchaí agus dá mbeadh siad mar bhonn chun beartais an lae amárach a dhearadh?***

# 4 / Acmhainní Breise

Ar mhaith leat an t ábhar a fhiosrú a thuilleadh? Anseo thíos beidh tú in ann teacht ar liosta acmhainní a roghnaigh an Coimisiún Eorpach, chomh maith le saineolaithe seachtracha ón gCoiste Eolais, duitse. Ní gá duit gach ceann díobh (nó fiú aon cheann díobh) a léamh ná féachaint orthu – ach má tá tú fiosrach chun níos mó a fhoghlaim, is féidir iad a úsáid mar bhuntreoir éasca, inrochtana agus cuidiúil don ábhar.

**Liosta acmhainní atá molta:**

Má tá tú fiosrach agus más mian leat spreagadh a fháil:

- *Intergenerational Fairness Day Podcast; Introducing Intergenerational Fairness: A Global Movement* (7 n eagrán, Béarla): https://www.buzzsprout.com/2273376/episodes/13926495-introducing-intergenerational-fairness-a-global-movement)

- *A New Intergenerational Contract* (suíomh gréasáin Béarla): https://www.if.org.uk/research-posts/a-new-intergenerational-contract/

- Coimisinéir na nGlúine atá le Teacht ón mBreatain Bheag (Físeán, Béarla): A thank you from Ameerah. Year 2050, Cymru.

- Roman Krznaric: How to be a good ancestor | TED Talk (Físeán, Béarla le fotheidil)

- *An intro to Intergenerational Fairness in Europe: The Imperative, the Journey, & the Opportunity:* https://playingwithtime.substack.com/p/dispatches-8-an-intro-to-intergenerational (Alt i mBéarla)

- *Intergenerational Fairness in 90 seconds (Físeán, Béarla).* https://youtu.be/64XpINtldAQ

- *TED Ed Future Forward   Futures Literacy; how you can explore the future* https://ed.ted.com/future-forward

**Más mian leat níos mó a fhoghlaim:**

- Krznaric, Roman (2021) : The good ancestor: how to think long in a short term world. Londain: WH Allen. (Leabhar)

- *Fair public policies for all generations. An assessment framework:* https://gulbenkian.pt/de-hoje-para-amanha/en/public-policies/ (Béarla)

- Niels de Fraguier (2025). Rethinking Generation: An Invitation to embrace a Life Centered approach. (Alt i mBéarla)

- ECFE (2020). Governance for Youth, Trust and Intergenerational Justice. Measúnú comparáideach ar na beartais, na dlíthe, na cumais institiúideacha agus na huirlisí rialachais a chuir rialtais náisiúnta agus an tAontas Eorpach i bhfeidhm chun cumhachtú na hóige agus ceartas idirghlúine a chur chun cinn. (Béarla)

Publications Office
of the European Union